

Scoláireacht chun freastal ar chúrsa oiliúna sna spóirt uisce i gColáiste UISCE

Deis iontach d'aos óg na Gaeltachta seo:

- An bhfuil an Ghaeilge ar do thoil agat?
- An bhfuil cónaí lánaimseartha ort i nGaeltacht Mhaigh Eo Thuaidh?
- Ar mhaith leat do chuid scileanna a fhorbairt i spóirt uisce trí mheán na Gaeilge?
- Ar mhaith leat an chéad chéim a thógáil i dtreo na teagascóireachta in UISCE?
- Ar mhaith leat freastal ar chúrsa oiliúna sa chlársheoltóireacht **nó** sa tonnmharcaíocht i gColáiste UISCE i mí Lúnasa?



Dátaí an chúrsa: Dé hAoine 19.08.2022 – Dé Sathairn 27.08.2022
Is **cúrsa lae** é seo a mhairfidh **ar feadh seachtaine**.

Aoisghrúpa: 14 – 20 bliain d'aois (tá an cúrsa seo feiliúnach do thosaitheoirí)

Scoláireacht le bronnadh ar aos óg na Gaeltachta seo amháin.
Ní bheidh ar an mbuaiteoir ach fuilleach de €30 a íoc ar an gcúrsa oiliúna seo i gColáiste UISCE.

Líon foirm iarratais ag <https://bookings.uisce.ie/competition/scholarship-competition/>
roimh **Dé hAoine 12 Lúnasa 2022 @ 5**

Breis eolais faoin gcúrsa seo le fáil ag <https://uisce.ie/courses/week-long-skills/windsurfing-skills/>

Tá sonraí á roinnt idir Coláiste UISCE agus Gaeilge Iorrais don chomórtas seo.
Tá Gaeilge Iorrais maoinithe ag Údarás na Gaeltachta ón Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán faoin bpróiseas pleanála teanga sa Ghaeltacht.